Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11145 – SCANIA/SENNDER/JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 274/10)

1. An 26 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Scania CV AB ('Scania', an tSualainn), atá mar chuid de Grúpa Volkswagen ('Volkswagen', an Ghearmáin),

— sennder Technologies GmbH ('sennder', an Ghearmáin),

— Cuideachta nuachruthaithe (an 'Sprioc-chomhfhiontar', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Scania agus sennder comhrialú ar iomlán an sprioc-chomhfhiontair de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Scania gníomhach ar fud an domhain mar fhorbróir agus mar mhonaróir trucailí agus busanna le haghaidh feidhmeanna iompair, lena n-áirítear feithiclí tráchtála ceallra-leictreacha, maoiniú feithiclí, árachas agus seirbhísí cíosa. Is monaróir mótarfheithiclí é Volkswagen atá gníomhach ar fud an domhain i monarú agus dáileadh feithiclí paisinéirí agus tráchtála, gluaisrothar, inneall, agus turba-inneallra, agus in soláthar seirbhísí gaolmhara chomh maith, lena n-áirítear maoiniú, léasú agus bainistiú flít,

— is seoltóir lasta bóthair digiteach é sennder a sholáthraíonn raon leathan seirbhísí ualaigh lán trucailí úrscothacha do sheoltóirí ar fud na hEorpa,

3. Cruthóidh an Sprioc-Chomhfhiontar tairiscint 'Feithicle leictreach mar Sheirbhís' lena n-áireofar soláthar feithiclí tromshaothair ceallra-leictreacha a bheidh bunaithe ar shamhail 'íoc in aghaidh na húsáide' chomh maith le seirbhísí digiteacha, fisiceacha agus tráchtála a chuirfidh ar chumas iompróirí beaga agus meánmhéide a bhflít a leictriú agus feithiclí tromshaothair ceallra-leictreacha a úsáid ina ngnólachtaí. Beidh an tairiscint dírithe go geografach ar an nGearmáin le linn na chéad chéime tosaigh ach d'fhéadfaí é a chur i bhfeidhm freisin i dtíortha comharsanachta Eorpacha eile amach anseo.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11145 – SCANIA/SENNDER/JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË